



## Preas Ráiteas Press Statement

### Torthaí Daonáirimh 2011

#### Próifil 5 Líon Tí agus Teaghlaigh – Socruithe Maireachtála in Éirinn

Scaoil an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán is déanaí inniu ina sraith torthaí ó Dhaonáireamh 2011, ag léiriú gur mhéadaigh an líon daoine pósta in Éirinn faoi 92.2 faoin gcéad idir 2006 agus 2011 go 1,708,604 agus gurb í 32 an aois inar sháraigh mná pósta a gcontrapháirteanna singile agus í 2 bhliain níos sine ag aois 34 i gcás na bhfeair.

Déantar iniúchadh i bhfoilseachán an lae inniu, “*Próifil 5 Líon Tí agus Teaghlaigh – Socruithe Maireachtála in Éirinn*” [*Profile 5 Households and Families – Living Arrangements in Ireland*], ar shocruithe maireachtála in Éirinn i dtéarmaí líon tí agus teaghlaigh.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Soláthraíonn an tuarascáil seo pictiúr níos doimhne ar líonta tí agus ar shocruithe maireachtála in Éirinn tráth ama an daonáirimh dheireanaigh. Léiríonn sí anailís nua ar cholscaradh agus athphósadh, iniúchadh ar shaolré teaghlaigh na lánún pósta i gcomparáid le lánúineacha aontís chéileachais, mar aon le roinnt faisnéise nua ar shocruithe maireachtála na dtuistí aonair, an lucht colscartha agus na dteaghlach aon duine aonair”.

Tá an tuarascáil ionlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census) mar aon leis na sonraí uile atá ar fáil i raon táblaí gréasáin idirghníomhacha, a cheadaíonn d’úsáideoirí a dtáblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailíse féin.

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “Tá socruithe maireachtála na líon tí agus na dteaghlach in Éirinn de shíor ag athrú agus soláthraíonn an tuarascáil seo faisnéise thábhachtach nua ar an ngné spéisiúil seo de shaol na hÉireann. Tá a thuilleadh sonraí ar na torthaí seo agus ar thorthaí daonáirimh uile ar fáil san fheidhmchlár léarscáile nua (SAPMAP) ar shuíomh gréasáin an CSO. Anseo, is féidir le húsáideoirí faisnéis mhionsonraithe a fháil i ndáil le raon fairsing limistéar geografaí ó leibhéal an chontae síos chomh fada le bailte, toghranna agus 18,488 Ceantar Beag. Cuireann an feidhmchlár léarscáile seo gach athróg daonáirimh ar fáil ar leibhéal áitiúil ar fud na tíre agus is tábhachtach an chéim é i ndáil leis na sonraí a thabhairt chun beogachta ar bhealach úr agus spleodrach, atá sorochtana do chách.”

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 498 4000

LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
[information@cso.ie](mailto:information@cso.ie)  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)

## Buaicphointí na tuarascála

### Méadú i dteaghlaigh

Bhí 1,179,210 teaghlaach sa Stát Oíche an Daonáirimh, méadú de chuid 12.0 faoin gcéad ón mbliain 2006, agus 55.6 faoin gcéad níos mó ná 20 bliain níos luaithe.

### Singil, pósta agus colscartha.

Thit sciar an daonra d'aois 15 agus os cionn a bhí singil ó 43.1 faoin gcéad in 2006 go 41.7 faoin gcéad (1,505,035 duine) in 2011. Mhéadaigh an daonra pósta faoi 9.2 faoin gcéad idir 2006 agus 2011, ag dul i méid ó 1,565,016 go 1,708,604.

Sa tréimhse cúig bliana dhéag ó 1996 tháinig méadú suntasach ar chion an daonra d'aois 15 bliana agus os cionn a bhí colscartha, ó 0.4 faoin gcéad i 1996 (9,787 duine) go 2.4 faoin gcéad (87,770) in 2011 – méadú nach mór 800 faoin gcéad sa tréimhse sin.

### Méadú in athphósadh ar chomhchéim le méadú i gcolscaradh

Bhí méadú de nach mór 550 faoin gcéad iontu siúd a d'athphós tar éis colscartha nó neamhniú pósta sa tréimhse cúig bliana dhéag céanna, ó 6,641 duine i 1996 go 42,960 in 2011. Ar an iomlán tá fir níos dóchúla i bhfad athphósadh, le 39 faoin gcéad d'fhir a bhí colscartha riamh ag athphósadh i gcomparáid le 28 faoin gcéad de mhná.

### Fir colscartha níos dóchúla a bheith i líon tí gan pháiste

Bhí os cionn trí ceathrú d'fhir scartha agus colscartha (77.9%) ag maireachtáil i líonta tí gan pháistí iontu, i gcomparáid le 44.5 faoin gcéad dá gcontrapháirteanna baineanna.

### Moillíonn an meathlú i méid teaghlaigh

Tá an titim sa mheánlíon páistí in aghaidh an teaghlaigh le blianta beaga anuas – ó 2.0 páiste i 1991 go 1.8 i 1996, go 1.6 in 2002 agus 1.4 in 2006 – tar éis cothromú agus é síreacht faoi bhun 1.4 in 2011. Bhí líon ard na mbreitheanna idir 2006 agus 2011 (363,500 breith) ina fhachtóir a chur leis an moilliú seo.

Ar an meán bhí teaghlaigh tuaithe níos mó ná iad siúd i gceantair uirbeacha. B'ionann an meánlíon páistí in aghaidh an teaghlaigh agus 1.5 i gceantair tuaithe, i gcomparáid le 1.3 dá gcontrapháirteanna uirbeacha. Bhí 1.74 páiste ar an meán ag lánúineacha aontís, cé gurb ionann an figiúr i gcás lánúineacha pósta agus 2.09 páiste.

### Teaghlaigh le páistí

Bhí 344,944 lánúin gan pháistí, as sin lánúineacha pósta be ea 261,652 acu agus lánúineacha aontís ba ea 83,292 acu.

Bhain os cionn leath de lánúineacha pósta a raibh páiste amháin acu leis an trí bharr-aicme sóisialta i gcomparáid le 41.7 de lánúineacha pósta le cúigear páiste nó níos mó acu.

### Difríochtaí aoise idir pháirtithe

Ar an meán bhí fir i lánúineacha 2.21 bliain níos sine ná a mná céile nó a bpáirtithe. Bhí an bearna seo níos soiléire i gcás lánúineacha aontís (+2.35 bliain) i gcomparáid le lánúineacha pósta (+2.19 bliain).

## **Níos lú dóchúlacht go mbeadh tuistí aonair ag obair**

Ní raibh ach 42.5 de thuistí aonair ag obair, i gcomparáid le 69.3 faoi gcéad do chinn na dteaghlaach le beirt thuistí iontu. As tuistí aonair bhí 14.4 faoin gcéad difhhostaithe i gcomparáid le 11.8 faoin gcéad de lánúineacha.

## **Níos mó lánúineacha aonghnéis fireanna**

Bhí 4,042 lánúin aonghnéis ag maireachtáil i dteannta a chéile in 2011, as sin bhí 2,321 (57.4%) fireann agus 1,721 (42.6%) baineann.

## **Teaghlaigh aon duine amháin**

Bhí 392,000 duine ag maireachtáil leo féin tráth an daonáirimh dheireanaigh, scoilte go cothrom nach mór idir fhir agus mhná le 194,000 agus 198,000 faoi seach.

Bhí tromlach na ndaoine siúd ag maireachtáil leo féin singil (56.3%), le díreach faoi bhun 1 as gach 4 ina mbaintreacha nó ina mbaintreacha fir. I measc na bhfear bhí 65.8 faoin gcéad singil i gcomparáid le 46.9 faoin gcéad de mhná, le 11 faoin gcéad de na fir ina mbaintreacha fir i gcodarsnacht ghéar le 36.3 de na mná a bhí ina mbaintreacha.

## **Méadú i mbreitheanna de bharr níos mó máithreacha seachas rátaí torthúlachta níos airde**

Is beag athrú atá tagtha ar meánlíon na bpáistí a mbreitear in aghaidh na mná d'aois 15 go 44 sa tréimhse cúig bliana, ó 0.98 páiste in aghaidh na mná in 2006 go 1.00 in 2011. I gcodarsnacht tá líon iomlán na mban d'aois 15 go 44 méadaithe faoi 5.0 faoin gcéad ó 924,728 go 971,087 sa tréimhse chéanna. Sna buaicbhlianta saolaithe linbh de chuid 30 go 34 bhí an méadú úd níos géire – méadú de chuid 15.9 faoin gcéad ó 166,150 go 192,626.

Bhí sé níos dóchúla go gcuirfí oideachas ar chóibhéis tríú leibhéal ar mhná gan páistí ná mar a bhí i gceist leo siúd le páistí acu, le hoideachas tríú leibhéal ag 58.1 faoin gcéad de mhná gan páistí acu, i gcomparáid le 37.9 faoin gcéad díobh siúd a raibh páistí acu.

## **Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:**

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census).

## **Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teaghmháil le:**

Shaun McLaughlin on (01) 895 1474

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoard, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlíon: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)